



AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ  
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



# SÉ RUD AR CHÓIR A BHEITH AR EOLAS AG STIÚRTHÓIR CUIDEACHTA FAOI CHLÁRÚ CUIDEACHTA

---

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 2 / Aibreán 2019

## RÉAMHRÁ

De réir Acht na gCuideachtaí 2014, cuirtear de cheangal ar chuideachtaí doiciméid a chomhdú leis an CRO. Déantar achoimre sa bhileog faisnéise seo ar sé rud ar chóir a bheith ar eolas ag stiúrthóir cuideachta maidir leis an bpróiseas comhdaithe sin.

Is féidir na foirmeacha (agus na táillí comhdaithe a bhaineann leo) agus na bileoga faisnéise dá dtagraítear anseo a íoslódáil ó [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

### **1. Ní mór do gach cuideachta, a bhíonn ag trádáil nó nach mbíonn, tuairisceán bliantúil a chomhdú gach bliain leis an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá i ndiaidh dháta reachtúil an tuairisceáin bhliantúil (DTB). Is féidir DTB na gcuideachtaí a sheiceáil saor in aisce ar láithreán gréasáin an CRO ag [www.cro.ie/search](http://www.cro.ie/search)**

Ní mór do stiúrthóir cuideachta a chinntiú go ndéantar tuairisceán bliantúil thar cheann na cuideachta a sheachadadh chuig an CRO uair amháin sa bhliain ar a laghad.<sup>1</sup> Doiciméad is ea an tuairisceán bliantúil (**Foirm B1**) ina leagtar faisnéis fhorordaithe áirithe amach i leith na cuideachta. Ní mór an doiciméad seo a chomhdú leis an CRO gach bliain, cibé an mbíonn an cuideachta ag trádáil nó nach mbíonn.

Cuirtear de cheangal ar chuideachta a tuairisceán bliantúil a chur le chéile roimh DTB na cuideachta agus é a chomhdú leis an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta ar cuireadh le chéile é.

Is é an DTB a bhíonn ag cuideachta nua ná sé mhí ó dháta ionchorpraithe na cuideachta. Ní mór an chéad tuairisceán bliantúil a chur le chéile roimh an DTB seo.

Cé nach gcuirtear de cheangal uirthi de réir dlí, is é beartas na CRO meabhrúchán a sheoladh gach bliain chuig oifig chláraithe gach cuideachta roimh a DTB.

Nuair a chuirtear de cheangal ar chuideachta cuntais a chur isteach leis an tuairisceán bliantúil (féach 2. thíos), is ea an spriocdháta **comhdaithe**

- DTB na cuideachta móide 28 lá nó
- deireadh na bliana airgeadais de chuid na cuideachta móide naoi mí agus 28 lá, **cibé dáta acu sin is luaithe**.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar conas tuairisceán bliantúil a chomhdú, féach Bileog Faisnéise Uimh. 23, “Ceanglas maidir leTuairisceán Bliantúil agus Ráitis Airgeadais”.

Tá ríomhchomhdú éigeantach aighneachtaí áirithe i bhfeidm ag an CRO ón 1 Meitheamh 2017. Foirm B1 (lena n-áirítear ráitis airgeadais agus ríomhfocaíocht).

### **2. I mbeagnach gach cás, ní mór na cuntais a chur isteach leis an tuairisceán; ní chóir deireadh na bliana airgeadais a bheith ag na cuntais seo atá níos lú ná naoi mí roimh dháta an tuairisceáin. Le cloí leis an gceanglas sin, d’fhéadfadh a bheith ort DTB do chuideachta a athrú. Ní féidir DTB a athrú ach amháin nuair a leantar na forálacha reachtúla go hiomlán, féach [www.cro.ie](http://www.cro.ie) > Annual Return**

Tá seicliosta ar Fhoirm B1 de na doiciméid ar fad ar chóir do chuideachta theoranta iad a chur isteach de réir dlí in éineacht lena tuairisceán bliantúil.<sup>2</sup> De ghnáth, is iad na doiciméid seo:

- cóip den chlár comhardaithe\*;
- cóip den chuntas brabúis agus cailteanais\*;
- cóip de thuarascáil na stiúrthóirí; agus
- cóip de thuarascáil an iniúchára.

Ní mór iniúchadh a dhéanamh<sup>3</sup> de réir dlí ar na ráitis airgeadais marcáilte \* agus an tréimhse a chlúdú:

<sup>1</sup> Alt 343 d’Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>2</sup> Tabhair faoi deara gur féidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide díolúine áirithe a fháil ó na ceanglais seo mar a shonraítear in Acht na gCuideachtaí 2014 - Cuid 6 Caibidil 1A/14/15/16.

<sup>3</sup> Ach amháin i gcás cuideachta atá de cheart aici díolúine a fháil ón iniúchadh agus a chuireann iarratas isteach ar an díolúine seo – féach Bileog Faisnéise Uimh. 23.

- i gcás an chéad tuairisceáin bhliantúil lena gcuirtear cuntais, ó ionchorpraíodh an chuideachta, agus
- i ngach aon chás eile, ó dheireadh na tréimhse atá clúdaithe ag na cuntais a cuireadh leis an tuairisceán bliantúil a comhdaíodh roimhe sin leis an CRO, agus a bheith curtha le chéile suas go dtí dáta tráth nach déanaí ná naoi mí ó dháta deireanach an tuairisceáin bhliantúil.

### **3. Nuair nach ndéantar tuairisceáin a chomhdú in am, bíonn táille suntasach comhdaithe déanach le híoc agus d'fhéadfadh an CRO glacadh le gníomhaíochtaí forfheidhmithe breise.**

Bíonn táille suntasach comhdaithe déanach le híoc le haghaidh tuairisceán a dhéantar iad a chomhdú go déanach leis an CRO (i.e. níos mó na 28 lá ón dáta tuairisceáin atá i bhfeidhm), i dteannta le táille comhdaithe caighdeánach €20 (leictreonach) do gach tuairisceán. €100 is ea an táille comhdaithe déanach a thagann i bhfeidhm tar éis spriocdháta comhdaithe na cuideachta, i dteannta le táille €3 in aghaidh an lae ina dhiaidh sin, suas go dtí uasmhéid €1,200 do gach tuairisceán.

Is féidir leis an CRO glacadh leis na roghanna forfheidhmithe seo a leanas i leith tuairisceán bliantúil nach ndéantar iad a chomhdú:

#### **(a) Ionchúiseamh**

Déanann an CRO cuideachtaí agus a stiúrthóirí a ionchúiseamh nuair a theipeann orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú in am. Is féidir le cuideachtaí agus stiúrthóirí cion a fháil i leith gach bliana a bhíonn na tuairisceáin bhliantúla fós le híoc. (Cion Catagóir 3). D'fhéadfaí stiúrthóir le trí chion den sórt seo a dhícháiliú óna bheith ina stiúrthóir nó óna bheith bainteach i mbealach ar bith le cuideachta a bhainistiú.

#### **(b) Ordú Cúirte**

Nuair a thugtar fógra do stiúrthóir chun cloí le foráil reachtúil faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus nuair a bhíonn 14 lá imithe thart ón dáta seirbhíse, agus sárú á dhéanamh i gcónaí ar an bhforáil, is féidir le Clárúitheoirí na gCuideachtaí nó an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“an Stiúrthóir”) iarratas a chur isteach chuig an Ard-Chúirt le hordú a fháil a threoraíonn don stiúrthóir gur gá cloí leis an bhforáil reachtúil i gceist laistigh den tréimhse ama a shonraíonn an Chúirt. Is féidir ordú a dhéanamh i gcoinne an stiúrthóra/na stiúrthóirí ábhartha do chostais dhlíthiúla na hiarratais chúirte. Tá an nós imeachta seo leagtha síos in alt 797 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

#### **(c) Scriosadh**

Is féidir cuideachta ar bith a theipeann uirthi a tuairisceán bliantúil a chomhdú i leith bliana **ar bith** a scriosadh ón gclár agus a dhíscaoileadh. Nuair a dhíscaoiltear an chuideachta, gheobhaidh an tAire Airgeadais a sócmhainní de réir dlí, agus cailltear dliteanas teoranta ón dáta a scriostar an chuideachta ar aghaidh. Ina theannta sin, is féidir leis an Stiúrthóir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt de bhun ailt 842 d’Acht na gCuideachtaí 2014 a dhícháilíonn stiúrthóirí na cuideachta óna bheith ina stiúrthóirí nó páirt a ghlacadh i gcuideachta a bhainistiú, in éineacht le hOrdú do na costais dhlíthiúla íoctha ag an Stiúrthóir chun an t-iarratas seo a dhéanamh agus na costais íoctha aige/aici chun imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar.

***Baineann bearta forfheidhmithe atá curtha i bhfeidhm ag an CRO leis na tuairisceáin bhliantúla a bhíonn comhdaithe ag cuideachta le blianta beaga. Nuair a theipeann ar chuideachta tuairisceán bliantúil a chomhdú in am cuireann sé seo isteach ar stair comhlíonta na cuideachta agus d'fhéadfadh an Oifig seo bearta forfheidhmithe a thabhairt in aghaidh na cuideachta san am atá le teacht.***

Nuair a theipeann ar chuideachta tuairisceán a chomhdú in am dícháilítear an chuideachta freisin ó dhíolúine iniúchta i leith na gcuntas atá ceangailte le tuairisceán na bliana seo chomh maith leis an mbliain dar gcion, fiú má chomhlíonann an chuideachta na critéir cháilithe eile a bhaineann le díolúine iniúchta i leith na mblianta airgeadais clúdaithe ag na ráitis airgeadais atá ceangailte leis an dá tuairisceán.

**4. Seoltar meabhrúcháin agus fógraí tábhachtacha eile chuig cuideachtaí ag a n-oifigí cláráithe mar a chuirtear in iúl don CRO. Má bhíonn an seoladh mícheart ní chuirtear faisnéis thábhachtach in iúl duit maidir le do chuideachta. Is féidir oifig chláráithe na gcuideachtaí ar fad a sheiceáil ag [www.cro.ie/search](http://www.cro.ie/search).**

Cuirtear de cheangal ar gach cuideachta oifig chláráithe a bheith aici sa Stát, nach uimhir bhosca oifig phoist í.

Úsáidtear **Foirm B2** chun a chur in iúl don CRO go bhfuil athrú tagtha ar oifig chláráithe na cuideachta, agus ní mór í a sheachadadh chuig an CRO tráth nach déanaí ná 14 lá ó dháta an athraithe. Is féidir Foirm B2 a chomhdú saor in aisce go leictreonach – féach 5. thíos.

Tá ríomhchomhdú éigeantach aighneachtaí áirithe i bhfeidm ag an CRO ón 1 Meitheamh 2017.

Tá sé an-tábhachtach na sonraí is déanaí faoi oifig chláráithe na cuideachta a chur in iúl don CRO, agus post a bhailiú ón seoladh sin go rialta. Seoltar an chumarsáid oifigiúil go léir leis an gcuideachta chuig a hoifig chláráithe, lena n-áirítear fógraí scriosta agus meabhrúcháin tuairisceán bliantúil. Dá bhrí sin, ní mór athrú ar oifig chláráithe na cuideachta a chur in iúl gan mhoill don CRO.

Tabhair faoi deara le do thoil má athraíonn cuideachta a hoifig cláráithe, agus mura gcuirtear an t-athrú seo in iúl don CRO, go nglactar leis na doiciméid go léir a ligtear ag seoladh na cuideachta atá ag an CRO nó a sheoltar chuig an seoladh seo mar dhoiciméid a ligeadh ag oifig chláráithe na cuideachta nó a seoladh chuig an oifig seo, in ainneoin go bhfuil athrú tagtha ar a hoifig chláráithe.<sup>4</sup>

Féadfar oifig chláráithe cuideachta a chur faoi chúram gníomhaire a bhfuil oifig aige nó aici sa Stát agus atá údaraithe chuige sin ag Cláráitheoir na gCuideachtaí.

**5. Is féidir foirmeacha áirithe – athrú seolta, stiúirthóra nó rúnaí go háirithe – a chomhdú saor in aisce ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie)**

Is féidir sonraí cláráithe a athrú ar líne saor in aisce agus i mbealach slán agus tapa. Is próiseas níos iontaofa agus níos éifeachtaí é ná páipéar a úsáid agus is féidir leis cúrsaí riarachán a mhínghearradh.

Is féidir an tsaoráid a úsáid chun foirmeacha a chomhlíonadh ar líne, na torthaí a chló, iad a shíniú agus a chur faoinár mbráid. Is féidir stádas na bhfoirmeacha a comhdáil go leictreonach a sheiceáil am ar bith freisin.

Tá ríomhchomhdú éigeantach aighneachtaí áirithe i bhfeidm ag an CRO ón **1 Meitheamh 2017**.

- Foirm B1 (Tuairisceán bliantúil - lena n-áirítear ráitis airgeadais agus ríomhíocaíocht).
- Foirm B2 (athrú ar oifig chláráithe) agus
- Foirm B10 (Athrú ar stiúirthóir agus/nó rúnaí, nó a sonraí).

<sup>4</sup> Alt 51 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>5</sup> Alt 223 d'Acht na gCuideachtaí 2014

## 6. Tá sé de fhreagracht ar gach stiúrthóir a chinntiú go gcloíonn a c(h)uideachta le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Sonraítear go sainráite in Acht na gCuideachtaí 2014 go bhfuil sé de dhualgas ar stiúrthóir agus rúnaí a chinntiú go gcloíonn cuideachta le riachtanais Acht na gCuideachtaí.<sup>5</sup>

### (a) Ceanglais eile comhdaithe CRO

Ní mór do stiúrthóir cuideachta a chinntiú freisin go gcuirtear na hathruithe faisnéise seo a leanas in iúl don CRO freisin maidir leis an gcuideachta<sup>6</sup> (tabhair faoi deara le do thoil gur féidir mórán de na foirmeacha seo a chomhdú saor in aisce ag [www.core.ie](http://www.core.ie)):

Athrú	ar an bhFaisnéis ar gá a Chomhdú
suíomhanna chláráitheoirí reachtúla na cuideachta	Foirm B3
meabhrán agus airteagail, lena n-áirítear caipiteal ceadaithe	Foirm G1/G1Q chomh maith le sonraí nua bunreacht (meabhráin agus airteagal)
maidir lena stiúrthóirí agus/nó rúnaí	Foirm B10*
athrú ar shonraí um sheoladh cónaithe stiúrthóir a ndáil le níos mó ná cuideachta amháin	Foirm B10a (ár líne amháin)
scairchaipiteal eisiata	Form B5/B7/H5
(méadú) caipitil ceadaithe	Foirm B4
ráiteas faoi dhícháiliú stiúrthóir tar éis gur ceapadh é nó í ina stiúrthóir	Foirm B74a

\* Ní mór do gach duine **Foirm B74** a chomhlíonadh a cheaptar mar stiúrthóir ar chuideachta atá cláráithe in Éirinn, nuair a bhíonn an duine sin dícháilithe i ndlínse thar lear óna bheith ina stiúrthóir nó rúnaí ar chomhlacht corparáideach nó gnólacht.<sup>7</sup> Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Bileog Faisnéise Uimh. 16, “Rúnaí na Cuideachta”.

### (b) Foirceannadh stiúrthóireachta a chur in iúl don CRO

Cuirtear de cheangal ar chuideachta a chur in iúl don CRO laistigh de 14 lá athrú ar bith maidir lena stiúrthóirí nó sonraí na stiúrthóirí (i.e. athrú seolta).<sup>8</sup> Úsáidtear Foirm B10 chun é seo a dhéanamh, agus is féidir í a chomhdú go leictreonach saor in aisce – féach 5. thuas. Nuair a sháraítear an dualgas seo, beidh an chuideachta agus oifigigh na cuideachta ciontach i leith ciona. (catagóir 3).

Ní mór d'oifigeach reatha na cuideachta Foirm B10 a shíniú; ní féidir le hoifigeach atá tar éis éirí as oifig an fhoirm a shíniú. Diúltóidh an CRO an fhoirm agus seolfar í ar ais chuig an láithreoir i gcás go mbeadh níos lú ná an t-íosmhéid reachtúil stiúrthóirí (beirt) cláráithe ag an gcuideachta de bharr fhoirceannadh na stiúrthóireachta a chuirtear in iúl ar an bhfoirm.

Má tá an chuideachta ina cuideachta phríombháideach faoi theorainn scaireanna (cuideachta TEO), tá cead aici gan ach aon stiúrthóir amháin a bheith aici, más inmhianaithe é sin, faoi alt 128 Acht 2014. Níl feidhm aige sin maidir le CPTanna atá ann cheanna (cuideachta príobháideacha faoi theorainn scaireanna a corpraíodh faoi Achtanna na Cuideachtaí roimhe seo) - nach bhfuil comhshóite go fóill chuig cineál cuideachta TEO.

Nuair a chuirtear in iúl don CRO ag úsáid Foirme B10 go ndéantar stiúrthóireacht a fhoirceannadh, agus nach mbeidh stiúrthóir ag an gcuideachta atá ina c(h)ónaí i mballStát Limistéar Europach Eacnamaíoch (LEE) dá bharr san, ba chóir don chuideachta banna alt 137 a thaisceadh in éineacht le foirm B10, nó deimhniú alt 140 a fháil. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar an gceanglas chun stiúrthóir amháin ar a laghad a bheith ag cuideachta atá ina c(h)ónaí sa bhallStát, féach Bileog Faisnéise Uimh. 17, “Ceanglas chun Stiúrthóir a chónaíonn i mballStát LEE a bheith ag cuideachta”.

Má theipeann ar chuideachta Foirm B10 a thaisceadh i leith duine nach bhfuil ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin i gcónaí, is féidir leis an iar-stiúrthóir a chur in iúl don CRO, ag úsáid Foirme B69, gur theip ar an gcuideachta na doiciméid chearta a chomhdú. Féach Bileog Faisnéise Uimh. 18, “Fógra Éirí as Oifig ag Stiúrthóir/Rúnaí”.

<sup>6</sup> Ní liosta iomlán é seo, ach achoimre de na príomhathruithe ar gá a chur in iúl don CRO.

<sup>7</sup> Tabhair faoi deara gur gá Foirm B74 a chur isteach le Foirm A1 (foirm ionchorpraithe) nuair a bhíonn stiúrthóir na cuideachta dícháilithe thar lear.

<sup>8</sup> Alt 149(8) d'Acht na gCuideachtaí 2014

## **Rabhadh**

***Is nótaí ginearálta iad seo. I gcásanna sonracha, d'fhéadfadh a bheith ort teagmháil a dhéanamh le do chomhairleoir ghairmiúil (m.sh. rúnaí cairte, aturnae, cuntasóir, srl.). Beidh foireann na CRO in ann freagra a thabhairt ar do cheisteanna maidir le doiciméid ar gá a chomhdú leis an Oifig, ach bheadh sé níos fearr duit teagmháil a dhéanamh le do chomhairleoir ghairmiúil nuair a bhíonn cabhair bhreise ag teastáil uait maidir le dualgais an stiúrthóra nó dlí na gcuideachtaí i gcoitinne.***

**AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ**  
**Oifig Poiblí:** Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1  
**Fiosruithe:** Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

**Lóghlao:** 1890 220 226  
**Fón:** +353 1 804 5200  
**Ríomhphost:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Láithreán:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

**COMPANIES REGISTRATION OFFICE**  
**Public Office:** Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1  
**Postal Enquiries:** O'Brien Road, Carlow, R93 E920

**Lo Call:** 1890 220 226  
**Tel:** +353 1 804 5200  
**Email:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Web:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)